

Soilse na Nollag

le Proinsias Ó Maonaigh & Máiréad Ní Mhaonaigh

6

Tá soilse na Nollag ag loinnreadh le bua
Ó cheartlár na cathrach go huaigneas na dtuath.
Tá coinneal na Nollag san fhuinneog 'na suí
Ag fáiltiú roimh Mhuire a theacht chun a' tí.

Curfa:

*Ó tar chugainn, a Mhuire, is beannaigh ár saol,
Beidh aíocht le fáil agat is ag do naíon,
Scríos as ár mbeatha an ghráin is an fhuath,
'S neartaigh an grá inár gcroíthe atá dúr.*

Tá an ré is na réalta ag soilsíú sa spéir,
Agus ciúnas na Nollag le mothú san aer.
Tá an saibhir 's an daibhir ar aon intinn go léir,
Ag fáiltiú roimh Íosa isteach inár saol.

Curfa:

Go ngealaí na soilse an ród atá romhainn,
Is bí thusa, a Íosa, ár dtreoraí go buan.
Is solas is gile dár shoilsigh go fóill,
Do theachtsa, a Íosa, isteach inár saol.

Curfa: